# Treoir do Thuismitheoirí maidir leis an Mheasúnú Reachtúil Eochairchéim 3
2024/25

Rewarding Learning

## Réamhrá

I mBlianta 8 go dtí 10, déanann múinteoirí measúnú ar fhoghlaim do pháiste sna gnéithe seo de Churaclam Thuaisceart Éireann:

| Measúnú ag Eochairchéim 3 | | |
|---|---|---|
| Scileanna Traschuraclaim | Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta | Réimsí Foghlama |

Déantar na Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta agus na Scileanna Traschuraclaim a theagasc le chéile trí ábhair Eochairchéim 3.

Is faoi na scoileanna atá sé cinneadh a dhéanamh ar an dóigh a ndéanfaidh siad measúnú ar dhul chun cinn do pháiste sna Réimsí Foghlama agus sna Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Baineann gach scoil úsáid as na **Leibhéil de Dhul Chun Cinn**, áfach, le measúnú a dhéanamh ar na **Scileanna Traschuraclaim** i mBlianta 8, 9 agus 10.

## Cad iad na Scileanna Traschuraclaim?

Is iad seo na Scileanna Traschuraclaim:

| | |
|---|---|
| **Cumarsáid**<br>- Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt<br>- Léitheoireacht<br>- Scríbhneoireacht | Cumas do pháiste scileanna teanga a úsáid go héifeachtach (i mBéarla agus/nó i nGaeilge) i ngach réimse den churaclam agus sa ghnáthshaol |
| **Úsáid na Matamaitice** | Cumas do pháiste an t-eolas agus an tuiscint atá acu ar an mhatamaitic a úsáid agus a chur i bhfeidhm síos tríd an churaclam agus sa ghnáthshaol |
| **Úsáid TFC** (Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide) | Cumas do pháiste faisnéis a láimhseáil agus a chur in iúl, fadhbanna a réiteach agus ceisteanna a chur trí Úsáid TFC i réimse comhthéacsanna trasna an churaclaim |

## Cén tábhacht a bhaineann leis na Scileanna Traschuraclaim?

Cuideoidh na Scileanna Traschuraclaim le do pháiste tabhairt faoin fhoghlaim go neamhspleách agus ar feadh a saoil. Is scileanna riachtanacha iad dóibh seo a leanas:

- an gnáthshaol;
- obair; agus
- breisoideachas agus ardoideachas.

## Cad iad na Leibhéil de Dhul Chun Cinn?

Is creat de chritéir mheasúnaithe iad na Leibhéil de Dhul Chun Cinn a úsáideann múinteoirí le measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn do pháiste sna Scileanna Traschuraclaim.

Na Leibhéil de Dhul Chun Cinn:

- is sraith ráiteas iad a dhéanann cur síos ar cad é a thig le daltaí a dhéanamh;
- téann siad ó Leibhéal 1 go Leibhéal 7 (is é Leibhéal 7 is airde); agus
- déantar cur síos iontu ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna a bheadh le léiriú ag do pháiste le gach leibhéal a bhaint amach.

Is féidir leat teacht ar na Leibhéil de Dhul Chun Cinn ar shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann ag www.ccea.org.uk

## Cén dóigh a ndéanfaidh múinteoirí measúnú ar an leibhéal ag a bhfuil do pháiste ag obair?

Úsáidfidh múinteoirí na Leibhéil de Dhul Chun Cinn le breithiúnas a dhéanamh ar an leibhéal atá bainte amach ag do pháiste ag deireadh Eochairchéim 3 sa Chumarsáid, in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC.

Beidh breithiúnas múinteoirí bunaithe orthu seo a leanas:

- an t-eolas atá acu ar do pháiste agus ar an fhaisnéis ón mheasúnú leanúnach; agus
- feidhmíocht ghinearálta do pháiste i roinnt gníomhaíochtaí nó tascanna measúnaithe pleanáilte.

## Cad é an leibhéal ionchais do do pháiste?

Is é 'an leibhéal ionchais' an leibhéal ba chóir a bheith bainte amach ag mórchuid na bpáistí faoi dheireadh na hEochairchéime:

Is é **Leibhéal 4** an leibhéal ionchais faoi dheireadh Eochairchéim 2.

Is é **Leibhéal 5** an leibhéal ionchais faoi dheireadh Eochairchéim 3.

Ba chóir go mbogfadh an chuid is mó de pháistí ar a laghad leibhéal amháin chun cinn idir deireadh Eochairchéim 2 agus deireadh Eochairchéim 3.

## Cad é mar a gheobhaidh tú amach faoi dhul chun cinn do pháiste?

Gheobhaidh tú tuairisc scríofa ó scoil do pháiste, ag deireadh gach scoilbhliana. Déanfar cur síos ar dhul chun cinn do pháiste maidir le gach gné den churaclam (na Scileanna Traschuraclaim san áireamh).

Sa scoilbhliain 2024/25, inseoidh do scoil duit an leibhéal atá bainte amach ag do pháiste sa Chumarsáid (Léitheoireacht) agus in Úsáid na Matamaitice (Uimhreas agus Ailgéabar) ag deireadh Eochairchéim 3 (Bliain 10).

© CCEA 2024